

Forógra Toghcháin an AE 2019

Ar fud an domhain, tá 30% de mná thíos leis mar gheall ar fhoréigean fisiciúil agus/nó gnéasach agus déanann FGM dochar do ar a laghad 200 milliún bean agus cailín. Is cleachtas domhanda é FGM atá nasctha go láidir le noirm shóisialta atá múnlaíthe ag traidisiún, agus nach bhfuil ceangailte le haon reiligiún. San Aontas Eorpach amháin, ón uair a bhí sí 15 bliana d'aois agus ar aghaidh, tá bean amháin as triúr san Aontas thíos leis mar gheall ar fhoréigean fisiciúil agus/nó gnéasach agus faoi láthair tá beagnach 1 mhiliún bean agus cailín ag maireachtáil le hiarmhairtí ar feadh an tsaoil ó FGM.

Le 5 bliana anuas tá an AE tiomanta do chosc níos fearr ar fhoréigean i gcoinne ban agus cailíní, cosaint níos mó do mharthanóirí, ionchúiseamh do dhéantóirí agus beartais níos comhtháite chun comhordú éifeachtach a dhéanamh ar iarrachtaí chun éagothroime inscne a dhíothú. Thug an reachtas Eorpach a bhí ann roimhe seo aird níos mó ar FGM san Eoraip agus ar fud an domhain, ag cur plean gníomhaíochta Eorpach cuimsitheach i bhfeidhm, ag leithdháileadh maoinithe, ag tacú leis an tsochaí shibhialta ag obair ar an tsaincheist agus ag iarraidh tiomantais pholaitiúil chun ciorrú giniúna ban a thabhairt chun críche agus iad siúd atá i mbaol a chosaint

Ach tá go leor le déanamh fós, agus anois tá sé in am an míle breise a shiúil agus na tiomantais agus na gníomhaíochtaí sin a mhéadú chun a chinntiú go leanfaidh giniúint na mball giniúna ban mar chleachtas den am atá thart. Le chéile thig linn a chinntú go bhfuil an domhan saor ó fhoréigean do na glúine atá le teacht.

Tá Líonra Eorpach END FGM agus a chomhaltaí ag iarraidh ar iarrthóirí Thoghcháin Eorpacha 2019 tiomantas a thabhairt do na **7 bpointe** seo a leanas:

1. Tiomantais an Aontais Eorpaigh maidir le **Foréigean in aghaidh na mban agus cailíní**, go hairithe FGM, a chothabháil agus a mhéadú,
2. Tacaíocht a thabhairt do dhaingniú **Choinbhinsiún Iostanbúl** an Aontais Eorpaigh a chuireann cur chuige iomlánaíoch agus comhtháite chun cinn maidir le foréigean in aghaidh na mban agus FGM
3. Ná bain úsáid as saincheist FGM mar ionstraim chun díospóirí nó gníomhartha seineafóbacha, frith-imirceacha nó loslamafóbacha a chothú, déan cinnte go n-urramaíonn na comhbheartais maidir le tearmann cearta an duine agus go dtabharfaí cosaint leordhóthanach do mhná agus do chailíní atá thíos leis mar gheall ar FGM.
4. **Dul i ngleic leis na pobail a bhfuil tionchar ag FGM orthu** agus gníomhartha a bhaineann leo a cheapadh, a cur chun feidhme agus a mheasúnú, agus acmhainní a leithdháileadh ar bhealach inbhuanaithe, solúbtha agus inrochtana
5. Smaoinigh ar **dhaoine óga** mar gníomhairí iomlána agus mar gníomhairí cumhachtacha d'athraithe, éist leo agus tabhair deis díobhfa a bheith páirteach i ngach gníomh agus beartas a mbíonn tionchar acu orthu
6. Déan cinnte scéimeanna maoinithe a sholáthar a chuireann tíreolaíocht san áireamh agus atá dírithe **ar dhroichid a thógáil** chun deiridh a chur le FGM
7. Glaoch a chur ar an **lucht gairmiúil** is iomchuí a bheith feasach ar FGM agus tacaíocht mar is ceart a thabhairt do na mná agus na cailíní, i gcuideachta leis an phobal a bhfuil tionchar ag FGM orthu